ROALD DAHL

NA GAMAIL

MUIRIS Ó RAGHALLAIGH a d'aistrigh

LEABHAR BREAC

An Chéad Eagrán Gaeilge 2018
An tAistriúchán Gaeilge © Leabhar Breac 2018

The Twits © Roald Dahl Nominee Ltd., 1980
Cóipcheart ar an obair ealaíne © 1980 le Quentin Blake

ISBN 978-1-911363-37-8

Gach ceart ar cosaint.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Ealaín: Quentin Blake

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Táimid buíoch den Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com
091-593592

Giobacháin Ghruagacha

Bíonn an-chuid fear le feiceáil na laethanta seo agus féasóga orthu, na giobacháin ghruagacha.

Nuair a ligeann fear féasóg bíonn sé an-deacair a aghaidh a fheiceáil i gceart. Sin an fáth a ligeann sé féasóg ar an gcéad dul síos, b'fhéidir. B'fhearr leis nach mbeadh a fhios agat cén chuma atá air.

Agus cad faoi d'aghaidh a ní?

Conas a níonn na giobacháin is gruagaí acu a n-aghaidh? Caithfidh sé go mbíonn jab chomh mór le déanamh acu is a bhíonn le déanamh agatsa nó agamsa nuair a nímid ár gcuid gruaige.

Seo an rud ba mhaith liomsa a fháil amach — cé chomh minic is a níonn an giobachán gruagach a aghaidh? Uair sa tseachtain mar a dhéanaimidne lenár gcuid gruaige oíche Dé Domhnaigh? Agus an úsáideann sé seampú? An úsáideann sé triomadóir gruaige? An gcuireann sé lóis ghruaige ar a aghaidh ar eagla go dtitfeadh an fhéasóg amach? An dtéann sé go dtí an bearbóir chun bearradh féasóige a fháil? Nó an ndéanann sé an jab é féin le siosúr ingne agus é ag féachaint sa scáthán sa seomra folctha?

Níl a fhios agam. Ach an chéad uair eile a fheicfidh tú giobachán gruagach (an chéad uair eile a rachaidh tú amach ar an tsráid, is dócha), b'fhéidir go mbreathnóidh tú go géar air agus go smaoineoidh tú ar chuid de na rudaí sin.

An tUasal Ó Gamail

Duine de na giobacháin ghruagacha sin ba ea an tUasal Ó Gamail. Bhí gach orlach dá aghaidh, ach amháin a chlár éadain, a shúile agus a shrón, clúdaithe le clúmh tiubh. Bhí dlaoithe gránna gruaige ag fás amach as a pholláirí agus as loig na gcluas aige.

Shíl An tUasal Ó Gamail gur chuir an fhéasóg sin cuma gharánta ghaoiseach air. Ach níor chuir, i ndáiríre. Níor chuir ná baol air. Ba ghamal é an tUasal Ó Gamail. Ba ghamal é riamh. Anois agus é trí scór bliain d'aois ba ghamal é níos mó ná riamh.

Ní féasóg bhreá néata a bhí ar an Uasal Ó Gamail mar a bhíonn ar fhir fhéasógacha eile. D'fhás na ribí colgacha díreach amach mar a bheadh guairí ar scuab ingne ann.

Agus meas tú cé chomh minic is a níodh an tUasal Ó Gamail an aghaidh sin agus an scuab ingne sin d'fhéasóg aige?

An freagra ná nach níodh sé RIAMH í, fiú ar an Domhnach féin.

Ní raibh sí nite aige leis na blianta.

Féasóga Salacha

Do leithéidse anois, seans go mbeadh d'aghaidh beagáinín salach ó am go chéile mura nífeá i gceart í. Ach níl sé sin ró-olc mar scéal mar níl féasóg ort.

Ach ní mar sin a bhíonn sé má tá féasóg ort. *Greamaíonn* rudaí d'fhéasóga, go háirithe bia. Súlach, abair. Téann súlach isteach i measc na ribí agus is ann a fhanann sé. Tusa nó mise, ní bhíonn le déanamh againn ach ár n-aghaidh mhín a chuimilt le ciarsúr agus bímid i gceart arís. Ach ní féidir leis an ngiobachán féasógach é sin a dhéanamh.

Bímidne ábalta béile a ithe gan bia a smearadh ar fud ár n-aghaidhe, ach ní féidir leis an ngiobachán é sin a dhéanamh ach oiread. Bí ag faire amach tú féin an chéad uair eile a fheicfidh tú giobachán ag ithe lóin. Fiú má bhíonn a bhéal ar leathadh ar fad aige beidh

sé an-deacair air spúnóg de stobhach mairteola, nó d'uachtar reoite, nó d'anlann seacláide a chur isteach ina bhéal gan cuid éigin de a smearadh ar a fhéasóg.

Ní osclaíodh an tUasal Ó Gamail a bhéal i gceart nuair a bhíodh sé ag ithe go fiú. Dá bharr sin (agus de bharr nár nós leis é féin a ní riamh), bhíodh na céadta blúire bia greamaithe de na ribí timpeall a bhéil. Blúirí de bhricfeastaí, de lónta agus de dhinnéir a d'ith sé i bhfad ó shin. Ní blúirí móra a bhíodh iontu, ba nós leis iad sin a ghlanadh le droim a láimhe nó lena mhuinchille agus é ag ithe. Ach dá bhféachfá go cúramach air (go bhfóire Dia orainn!), d'fheicfeá giotaí beaga den bhia a bhí ite ag an Uasal Ó Gamail. Bhídís greamaithe de ribí a fhéasóige agus iad ar fad triomaithe suas — uibheacha scrofa, nó spionáiste agus anlann trátaí, nó méara éisc nó aenna mionaithe sicín agus rudaí gránna eile.



Agus dá bhféachfá go géar air (beirigí greim ar bhur gcaincín, a dhaoine uaisle), dá rachfá ag gliúcaíocht i measc cholgáin an chroiméil sin a bhí ag gobadh amach thar a liopa uachtair, seans maith go bhfeicfeá blúirí i bhfad níos mó ná sin. Sin iad na blúirí nár éirigh leis iad a ghlanadh nuair a chuimil sé a bhéal lena lámh, blúirí a bhí ann le míonna anuas. Ruainne de cháis ghlas, abair, agus í beo le cruimheanna. Nó seanchalóg arbhair agus snas uirthi, nó eireaball sleamhain sairdín as canna.

Dá bharr sin ar fad, ní bhíodh aon ocras riamh ar an Uasal Ó Gamail. Níor ghá dó ach a theanga a chur amach as a bhéal, í a chur i leataobh agus dul ag póirseáil sa choill ribeach sin timpeall a bhéil. Bhíodh mír éigin bhlasta le fáil anseo is ansiúd ann i gcónaí le bheith ag creimeadh air.

Is é an rud atá mé ag iarraidh a rá gur seanslaimice bréan a bhí san Uasal Ó Gamail.

Ní hamháin sin, ach is suarachán críochnaithe a bhí ann. Ach cloisfidh tú a thuilleadh faoi sin ar ball.

Bean Uí Ghamail

Ní raibh Bean Uí Ghamail mórán ní b'fhearr ná a fear céile.

Ní raibh féasóg uirthi, dar ndóigh. Ach ba mhór an trua é sin, mar seans nach bhfeicfeá chomh gránna uafar is a bhí sí dá mbeadh féasóg uirthi.

Féach uirthi.

An bhfaca tú bean chomh gránna léi riamh?

B'ait liom é. Ach an rud is aistí ar fad faoin scéal ná seo, ní raibh Bean Uí Ghamail gránna i gcónaí. Nuair a bhí sí óg bhí aghaidh mhín mhánla uirthi. Is in imeacht na mblianta agus í ag éirí níos sine a d'éirigh sí gránna.

Conas mar a tharlódh a leithéid sin? Inseoidh mé duit é.

Má bhíonn smaointe gránna ag duine bíonn sé sin le feiceáil ar a aghaidh. Agus nuair a bhíonn smaointe gránna ag duine gach lá, gach seachtain, gach bliain, éiríonn an duine sin níos gránna agus níos míofaire. Bíonn an duine sin chomh gránna sin ar deireadh go mbeadh sé deacair féachaint air in aon chor.

Nuair a bhíonn smaointe deasa ag duine ní bhíonn cuma ghránna air riamh. B'fhéidir go mbeadh geanc air, nó athsmig nó fiacla starracha. Ach má bhíonn smaointe deasa ag duine soilseoidh na smaointe sin amach óna aghaidh mar a bheadh gathanna gréine ann agus beidh an duine sin ag féachaint go hálainn gcónaí.

Níor shoilsigh rud ar bith amach ó aghaidh Bhean Uí Ghamail.

Bhíodh maide siúil ina lámh dheas aici i gcónaí. Is é a deireadh sí le daoine ná go raibh faithní nimhneacha pianmhara ag fás ar bhonn a coise clé agus go raibh an maide ag teastáil chun go mbeadh sí in ann siúl. Ach ní raibh sé sin fíor in aon chor. Is é an fáth a raibh an maide aici ná chun rudaí a bhualadh leis. Ba bhreá léi madraí agus cait agus leanaí beaga a bhualadh leis.

Bhí súil ghloine aici chomh maith. Agus bhíodh an tsúil ghloine sin aici ag ag imeacht ar sceabha i gcónaí!

An tSúil Ghloine

Is iomaí bob is féidir a bhualadh ar dhaoine nuair a bhíonn súil ghloine agat. Is féidir í a bhaint amach agus a chur ar ais arís de réir mar is mian leat é. Agus bí cinnte de go raibh na bobanna ar fad ar eolas ag Bean Uí Ghamail.

Lá amháin nuair nach raibh an tUasal Ó Gamail ag féachaint bhain sí amach an tsúil ghloine agus chuir sí isteach ina mhuga beorach í.

Bhí an tUasal Ó Gamail ina shuí ansin agus é ag ól a chuid beorach ar a sháimhín só. D'fhág an cúr ar an mbeoir fáinne bán ar a fhéasóg timpeall a bhéil. Chuimil sé an cúr bán lena mhuinchille agus chuimil sé a mhuinchille ar a bhríste ansin.